Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2024

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Eolaíocht Teastais Dhúbailte
# Bitheolaíocht

## Aonad 7: Scileanna Praiticiúla

**Leabhrán A**
**Bonnsraith**

*GDW71*

**[GDW71]**

| Don Scrúdaitheoir amháin | Marc | Athmharc |
|---|---|---|
| Bitheolaíocht (15 mharc) | | |
| Ceimic (15 mharc) | | |
| Fisic (15 mharc) | | |
| Marc Iomlán (45 marc) | | |

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach** cuid de Cheist 1.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é **15** an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Lean gach treoir shláinte agus shábháilteachta.
Tá an fearas agus na hábhair atá de dhíth leis an tasc/na tascanna a chomhlánú curtha ar fáil.
**Beidh áireamhán de dhíth ort.**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| **Marc Iomlán** | |

LEATHANACH BÁN

**Imscrúdú a dhéanamh ar éifeacht na teochta ar ghníomh einsíme**

Tá próitéin i mbainne.
Is einsím í próitéáis a bhriseann síos próitéin.

Nuair a bhriseann próitéáis síos próitéin i dtuaslagán bainne, tiontaíonn an tuaslagán bainne ó **bhán** go **héadathach**.

**Ní mór duit cosaint súl a chaitheamh agus tú i mbun an imscrúdaithe seo.**

Ar do bhinse, tá:

- Cosaint súl
- 1 eascra beag de thuaslagán próitéáise
- 1 eascra beag de thuaslagán bainne
- 1 eascra mór d'uisce ag 20 °C (dabhach uisce)
- 1 eascra mór d'uisce ag 40 °C (dabhach uisce)
- 1 raca promhadán
- 4 phromhadán atá lipéadaithe 1, 2, 3 agus 4 (tá '**X**' ar chúl phromhadáin 1 agus 2)
- 2 steallaire (ceann acu atá lipéadaithe M faoi choinne tuaslagán bainne, agus ceann acu atá lipéadaithe P faoi choinne tuaslagán próitéáise)
- 1 slat corraithe
- 1 amadóir

**Treoracha**

**1** Cuir 2 $cm^3$ de thuaslagán próitéáise isteach i bpromhadáin **1** agus **2** ag úsáid an steallaire atá lipéadaithe P.

**2** Cuir 5 $cm^3$ de thuaslagán bainne isteach i bpromhadáin **3** agus **4** ag úsáid an steallaire atá lipéadaithe M.

**3** Cuir promhadáin:

- **1** agus **3** isteach sa dabhach uisce 20 °C
- **2** agus **4** isteach sa dabhach uisce 40 °C

**4** Fág na promhadáin uilig sna dabhcha uisce go ceann **cúig** nóiméad ar a laghad.

**5** Bain promhadáin **2** agus **4** amach as an dabhach uisce 40 °C agus cuir sa raca promhadán iad.

**6** Cuir an méid atá i bpromhadán **4** isteach i bpromhadán **2** (a bhfuil **X** ar a chúl). Bain úsáid as an tslat corraithe leis an tuaslagán a chorraí agus tosaigh an t-amadóir **láithreach**.

**7** Tomhais cá fhad a thógann sé go dtí gur féidir leat an **X** a fheiceáil tríd an tuaslagán sa phromhadán. Is ionann é sin agus an t-am a thóg sé ar an tuaslagán athrú go héadathach.

**8** Taifead an t-am sin (i nóiméid agus soicindí) sa cholún 'Am mo ghrúpa i nóiméid agus soicindí' sa tábla thall, faoi choinne 40 °C.

[1]

**9** Athshocraigh an t-amadóir ag náid.

**10** Bain promhadáin **1** agus **3** amach as an dabhach uisce 20 °C agus cuir sa raca promhadán iad.

**11** Cuir an méid atá i bpromhadán **3** isteach i bpromhadán **1** (a bhfuil **X** ar a chúl). Bain úsáid as an tslat corraithe leis an tuaslagán a chorraí agus tosaigh an t-amadóir **láithreach**.

**12** Tomhais cá fhad a thógann sé go dtí gur féidir leat an **X** a fheiceáil tríd an tuaslagán sa phromhadán. Is ionann é sin agus an t-am a thóg sé ar an tuaslagán athrú go héadathach.

**13** Taifead an t-am sin (i nóiméid agus soicindí) sa cholún 'Am mo ghrúpa i nóiméid agus soicindí' sa tábla thall, faoi choinne 20 °C.

[1]

**14** Athraigh an dá am a taifeadadh i do thábla ó nóiméid agus shoicindí go soicindí amháin.

**Taispeáin do chuid oibre.**

**15** Taifead na hamanna sin sa tábla sa cholún 'Am mo ghrúpa /s'.

[2]

**16** Bailigh torthaí do na hamanna i **soicindí** ag 40 °C agus ag 20 °C ó ghrúpa amháin eile.

**17** Taifead na hamanna sin sa cholún 'Am ghrúpa 2 /s' sa tábla.

[1]

**Ní mór duit an chuid eile den pháipéar a chomhlánú leat féin.**

**18** Ríomh an meán-am a thógann sé i soicindí ar an tuaslagán athrú go héadathach ag gach teocht.

**Taispeáin do chuid oibre.**

**19** Taifead na torthaí sin sa cholún 'Meán-am /s' sa tábla.

[2]

1 (a)

| | Am a thóg sé ar an tuaslagán athrú go héadathach | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teocht /°C** | **Am mo ghrúpa i nóiméid agus soicindí** | **Am mo ghrúpa /s** | **Am ghrúpa 2 /s** | **Meán-am /s** |
| 40 | | | | |
| 20 | | | | |

(b) Cuir síos agus tabhair míniú ar an difríocht idir an meán-am a thóg sé ar an tuaslagán athrú go héadathach ag 40 °C agus ag 20 °C.

Cur síos ______________________________________________

______________________________________________

Míniú ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

(c) Rinne dalta eile imscrúdú den tsórt chéanna le teocht optamach na heinsíme próitéáise a aimsiú.

Thaifead sí an t-am a thóg sé ar an tuaslagán athrú go héadathach.

Taispeánann an tábla na torthaí ar a himscrúdú.

| Teocht / °C | Am a thóg sé ar an tuaslagán athrú go héadathach / nóiméid |
|---|---|
| 10 | 10.0 |
| 20 | 8.5 |
| 30 | 5.0 |
| 40 | 6.0 |
| 50 | 9.0 |
| 60 | 19.0 |

Don Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

Bain úsáid as an tábla thall leis na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- an scála don y-ais a chríochnú ar an eangach.
- **líneghraf** de na torthaí a bhreacadh ar an eangach.




[4]

**(d)** Bain úsáid as an ghraf le teocht optamach na heinsíme próitéáise a thabhairt.

_____________ °C [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

14331.04/2